# Buiséad 2024
# Grafaic Faisnéise maidir le Fiachais

An Oifig Buiséid Pharlaiminteach
Parliamentary Budget Office

Foilseachán 1 de chuid OBP de 2024
Dáta Foilsithe: Eanáir 2024

Tithe an Oireachtais
Houses of the Oireachtas

## Réamhrá

Soláthraítear faisnéis agus anailís ríthábhachtach leis an ngrafaic faisnéise seo maidir le riocht fiachais na hÉireann. Tá na meastacháin a foilsíodh i *mBuiséad 2024* agus i Ríomhaire na *hAnailíse ar Inbhuanaitheacht an Fhiachais (AIF)* de chuid OBP féin mar bhonn eolais léi. Soláthraítear chomh maith sa doiciméad seo anailís íogaireachta ar inbhuanaitheacht fhiachas poiblí na hÉireann maidir le hathruithe ar ioncam cánach agus rátaí úis.

Rinneadh réamh-mheastacháin chaiteachais a athbhreithniú ar aghaidh go dtí 2026 i mBuiséad 2024, ar tugadh "Buiséad Costais Maireachtála" air, agus méadófar croíchaiteachas faoi chéatadán níos airde ná an méadú a bhí beartaithe arbh ionann é agus 5% bliain ar bhliain. Cé gur méid suntasach de réir caighdeáin idirnáisiúnta é an fiachas náisiúnta ar bhonn *per capita*, meastar go laghdófar Cóimheas an Fhiachais le OTI/OIN* ar aghaidh go 2026, cé go mbeadh laghdú níos ísle i gceist dá bhfágfaí as an áireamh fáltais na cáine corparáide (CC) "sa bhreis".

Ina theannta sin, *cé go bhfuil siad ar fionraí faoi láthair*, léirigh réamhaisnéisí a cuireadh san áireamh i mBuiséad 2024 go gcomhlíonfaidh Éire croírialacha fioscacha an AE (i.e. cóimheas Fiachais le OTI faoi bhun 60% agus cóimheas Easnaimh le OTI faoi bhun 3%). Is amhlaidh atá mar gheall ar OTI boilscithe na hÉireann i gcomparáid lena OIN*, rud a léireodh thairis sin go mbeadh ualach fiachais níos suntasaí i gceist. Is táscaire é *OIN** a dheartar chun na héifeachtaí saofa mar gheall ar dhomhandú ar OTI na hÉireann a chur as an áireamh.

Mar thoradh ar bhearta na mBanc Ceannais, tá tréimhse fhada rátaí úis ardaithe ann, ag freagairt do bhrúnna boilscitheacha leanúnacha. Meastar go n-ardóidh sé sin na costais a bhaineann le hiasachtaí rialtais nua agus le hiasachtaí rialtais a athnuachan. Tá raon maoinithe €7-11bn socraithe ag *GBCN* (Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta) in 2023. Faoi dheireadh Mheán Fómhair, tá thart ar €7bn de *bhannaí an Rialtais eisithe*, lena mbaineann meánaibíocht ualaithe os cionn 18 mbliana agus toradh thart ar 3.2%.

## An Ciste um Éire sa Todhchaí agus an Ciste um Bonneagar, Aeráid agus an Dúlra


Tá Scéim Ghinearálta an *Chiste um Éire sa Todhchaí (CÉT) agus an Chiste um Bonneagar*, Aeráide agus an Dúlra foilsithe ag an Roinn Airgeadais chun fáltais cánach corparáide amhantair a bhainistiú go stuama, lena dtabharfar aghaidh ar na dúshláin fhioscacha a bhfuiltear ag súil leo agus a eascraíonn as athruithe déimeagrafacha agus struchtúracha (go háirithe i dtaobh na haeráide).

Tá sé sceidealta go ndéanfar ranníocaíochtaí leis an CTÉ go dtí 2035, agus €70 billiún san iomlán mar sprioc leo sin. Tosóidh sé sin le €4.3bn in 2024 agus leanfar ar aghaidh le spriocanna de €6bn in aghaidh na bliana (0.8% de OTI) ó 2024 go 2035. Chuir an GBCN deireadh freisin le candam deiridh na Nótaí Ráta Chomhlúthaigh (NRCanna) ó Bhanc Ceannais na hÉireann, arna n-eisiúint tar éis ghéarchéim airgeadais 2008.

Cabhraíonn próifíl aibíochta fhiachas poiblí na hÉireann leis an Stát a chosaint ar ghéarú an bheartais airgeadaíochta sa ghearrthéarma. De réir mar a aibeoidh tuilleadh den fhiachas agus de réir mar a dhéanfar é a athmhaoiniú, áfach, sna blianta beaga amach rómhainn, is dócha go mbeidh costas níos airde i gceist don Rialtas i dtaobh easnaimh a d'fhéadfadh a bheith sa bhuiséad a mhaoiniú, mar gheall ar an mbeartas airgid reatha do leanúint ar marthain.


Úsáidimid *Ríomhaire AIF* de chuid OBP chun tástáil struis a dhéanamh ar inbhuanaitheacht fhiachas na hÉireann in aghaidh caillteanas suntasach in ioncam agus ardú géar ar rátaí úis. Cuirimid samhail ar fáil maidir le caillteanas ar ioncam CC "amhantair" de réir mheastacháin Bhuiséad 2024, le linn 2023 go 2026, agus glacaimid leis go leanfaidh an caillteanas sin ar aghaidh go dtí 2032. Is é an toradh ar easnamh ioncaim den scála sin ná meathlú géar sa chóimheas fiachais, rud a bhaineann an bonn d'inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí. Taispeánaimid thairis sin conas a d'fhéadfadh éifeacht níos measa a bheith ann i gcás ardú suntasach ar rátaí úis, agus déanaimid scrúdú ar na himpleachtaí le haghaidh dhinimic an fhiachais.

## 1) Comhardú Ginearálta an Rialtais




Táthar ag súil le comhardú ginearálta Rialtais (CGR) de €8.79bn i leith na bliana seo. Is é €44.4bn meastachán iomlán an ioncaim ó cháin chorparáide (CC) amhantair don tréimhse 2023-2026. Dá ndéanfaí fáltais CC amhantair a bhaint ón CGR, ní bhéifí ag súil le barrachas go dtí 2025.

## 2) Cóimheas-Fiachais-le-OIN*




Is meastachán níos fabhraí é an meastachán i mBuiséad 2024 ná tráth UCC 2023, fiú agus méadú tagtha ar an gcaiteachas. Cé go ndéantar comhlíonadh rialacha fioscacha an AE a mheasúnú i dtéarmaí OTI, tá an t-ualach fiachais i bhfad níos airde mar chéatadán de OTI*.


Foinse: Samhail arna cur ar fáil ag OBP trí Ríomhaire AIF de chuid OBP á úsáid i dteannta réamhaisnéisí ó *UCC 2023* agus *Buiséad 2024*. Cuirtear impleachtaí leibhéil agus úis CC amhantair san áireamh san anailís.

## 3) Éileamh ar Bhannaí na hÉireann de réir Tíre





Tá an t-éileamh ar bhannaí Rialtas na hÉireann tagtha le déanaí go príomha ó infheisteoirí eachtracha, go háirithe ó Mhór-Roinn na hEorpa, agus faoi bhun 10% de na héilimh tagtha ó infheisteoirí na hÉireann.

## 4) Éileamh ar Bhannaí na hÉireann de réir Infheisteora





Éilíonn infheisteoirí éagsúla bannaí Rialtas na hÉireann, agus is bainc agus bainc cheannais a leath díobh. Déanann cistí infheistíochta agus pinsin priacal infheistíochta a bhreithniú trí bhreathnú ar rátáil chreidmheasa na hÉireann, a d'fheabhsaigh tuilleadh in 2023 go AA de réir S&P (Aa3 le Moody).

## 5) Tástáil struis: Tionchar Turraingí CC agus Úis a Mheasúnú




Cuirimid samhail ar fáil maidir le caillteanas ar ioncam CC amhantair de réir mheastacháin Bhuiséad 2024 ar aghaidh go 2026, agus déanaimid é a eachtarshuí go 2032. I dteannta arduithe ráta úis go 6.2% agus gach rud eile á choimeád seasmhach, bheadh an turraing sin ina cúis leis an gcóimheas fiachais a bheith ard fós.

## 6) Tástáil struis: Dinimic Fiachais na dTurraingí i gCásanna Éagsúla a Leithlisiú




Léirítear éifeachtaí na dinimice fiachais faoi na cásanna éagsúla mar athruithe ar chóimheas an fhiachais le OTI*. Is é (a) an bhonnlíne agus is é (c) an turraing CT. Bíonn costais úis ag an leibhéal is airde nuair a chuirtear samhail ar fáil i dtaobh turraingí CC agus úis araon (d), agus ansin samhail i dtaobh na turrainge úis amháin (b), a mbíonn tuilleadh fiachais mar thoradh air.

Foinse le haghaidh Fhigiúr 3 & 4: Cur i Láthair d'Infheisteoirí *GBCN* Deireadh Fómhair-2023. Foinse le haghaidh Fhigiúr 5 & 6: Samhail a chur ar fáil i dtaobh cásanna trí *ríomhaire AIF de chuid OBP* a úsáid.